Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 15 Meitheamh 2026 (OR. en)**

**10638/26**

**ENT 154**
**MI 650**
**COMPET 782**
**TRANS 426**
**ENV 749**
**IND 421**
**DELACT 101**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 9 Meitheamh 2026 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | C(2026) 3144 final |
| Ábhar: | RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN<br>an 9.6.2026<br>lena leasaítear Rialachán (AE) 2024/1257 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le coinníollacha chun tástáil a dhéanamh ar chomhlíontacht le teorainneacha astaíochtaí cáithníní ó choscáin |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2026) 3144 final.

---

Faoi iamh: C(2026) 3144 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 9.6.2026
C(2026) 3144 final

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 9.6.2026**

**lena leasaítear Rialachán (AE) 2024/1257 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le coinníollacha chun tástáil a dhéanamh ar chomhlíontacht le teorainneacha astaíochtaí cáithníní ó choscáin**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Leasaítear leis an Rialachán seo Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (AE) 2024/1257[1] chun forbairtí ar leibhéal CEE-NA a chur san áireamh agus go háirithe forbairt Rialacháin nua ó na Náisiúin Aontaithe ina bhfuil forálacha aonfhoirmeacha maidir le ceadú feithiclí saothair éadroim a mhéid a bhaineann le hastaíochtaí ó choscáin a thomhas sa tsaotharlann. Is é atá sa Rialachán nua Uimh. 179 ó na Náisiúin Aontaithe forbairt ar Rialachán Teicniúil Domhanda Uimh. 24 ó na Náisiúin Aontaithe atá ann cheana lena léirítear an úrscothacht sa réimse sin agus dá dtugtar tacaíocht leis na torthaí is déanaí arna dtáirgeadh ag an gClár um Tomhas Cáithníní faoi choimirce Fhóram Domhanda CEE-NA um Chomhchuibhiú Rialachán maidir le Feithiclí (WP.29).

Sa chomhthéacs sin, is gá leasú a dhéanamh ar thábla 4 d’Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (AE) 2024/1257 ina dtagraítear faoi láthair do Rialachán Teicniúil Domhanda Uimh. 24 ó na Náisiúin Aontaithe maidir le hastaíochtaí ó choscáin le haghaidh feithiclí de chatagóirí $M_1$ agus $N_1$ agus chun tagairt a dhéanamh ina ionad sin don Rialachán nua ó na Náisiúin Aontaithe maidir le hAstaíochtaí Coscáin ó Fheithiclí Saothair Éadroim a Thomhas sa tSaotharlann le héifeacht ó theacht i bhfeidhm an Rialacháin thuasluaite ó na Náisiúin Aontaithe.

## 2. COMHAIRLIÚCHÁIN ROIMH GHLACADH AN GHNÍMH

Agus an gníomh seo á ullmhú, rinne an Coimisiún comhairliúchán iomchuí le páirtithe leasmhara agus leis na Ballstáit i gcruinnithe na Meithle um Mótarfheithiclí a tionóladh an 3 Nollaig 2025 agus an 25 Márta 2026, inar tacaíodh go ginearálta leis an dréacht. D’fhormhuinigh ionadaithe na mBallstát an dréachtghníomh le linn chruinniú Ghrúpa Saineolaithe na mBallstát - Mótarfheithiclí a tionóladh an 28 Aibreán 2026.

I gcomhréir leis na rialacha maidir le Rialáil Níos Fearr, foilsíodh an gníomh tarmligthe ar an tairseach ‘Cloisimis Uait’ ar feadh tréimhse aiseolais 4 seachtaine idir an 20 Márta 2026 agus an 17 Aibreán 2026. San iomlán, thug 16 pháirtí leasmhara aiseolas. Rinne an Coimisiún na barúlacha uile a cuireadh isteach a bhreithniú go cúramach agus thug sé dá aire iad.

## 3. EILIMINTÍ DLÍ AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Is é Airteagal 15(1) (e) de Rialachán (AE) 2024/1257 bunús dlí an ghnímh tharmligthe seo.

[1] Rialachán (AE) 2024/1257 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Aibreán 2024 maidir le cineálcheadú mótarfheithiclí agus inneall agus córas, comhpháirteanna agus aonad teicniúil ar leithligh atá ceaptha le haghaidh feithiclí den sórt sin, i ndáil lena n-astaíochtaí agus marthanacht ceallraí (Euro 7), lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/858 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 715/2007 agus (CE) Uimh. 595/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialachán (AE) Uimh. 582/2011 ón gCoimisiún, Rialachán (AE) 2017/1151 ón gCoimisiún, Rialachán (AE) 2017/2400 ón gCoimisiún agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1362 ón gCoimisiún *IO L 2024/1257, 8.5.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1257/oj*

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 9.6.2026**

**lena leasaítear Rialachán (AE) 2024/1257 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le coinníollacha chun tástáil a dhéanamh ar chomhlíontacht le teorainneacha astaíochtaí cáithníní ó choscáin**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2024/1257 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Aibreán 2024 maidir le cineálcheadú mótarfheithiclí agus inneall agus córas, comhpháirteanna agus aonad teicniúil ar leithligh atá ceaptha le haghaidh feithiclí den sórt sin, i ndáil lena n-astaíochtaí agus le marthanacht a gceallraí (Euro 7), lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/858 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 715/2007 agus (CE) Uimh. 595/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialachán (AE) Uimh. 582/2011 ón gCoimisiún, Rialachán (AE) 2017/1151 ón gCoimisiún, Rialachán (AE) 2017/2400 ón gCoimisiún agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1362 ón gCoimisiún[2], agus go háirithe Airteagal 15(1), pointe (e), de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tá tábla in Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (AE) 2024/1257 le haghaidh na gcoinníollacha chun tástáil a dhéanamh ar chomhlíontacht le teorainneacha astaíochtaí cáithníní ó choscáin (Tábla 4). Sa tábla sin, maidir leis na dálaí tástála le haghaidh feithiclí saothair éadroim, ceanglaítear faoi láthair tástáil i gcomhréir le Rialachán Teicniúil Domhanda Uimh. 24 ó na Náisiúin Aontaithe maidir le hAstaíochtaí Coscáin ó Fheithiclí Saothair Éadroim a Thomhas sa tSaotharlann[3].

(2) Léirítear an dul chun cinn agus na forbairtí teicneolaíochta is déanaí sa Rialachán nua Uimh. 179 ó na Náisiúin Aontaithe maidir le hAstaíochtaí Coscáin ó Fheithiclí Saothair Éadroim a Thomhas sa tSaotharlann[4]. Tá siad bunaithe ar na sonraí a bailíodh agus coscáin 'Euro 7' á dtástáil, agus áirítear leo go háirithe tuilleadh comhchuibhithe agus feabhsaithe ar an timpeallacht tástála; tomhas ardchruinnis ar PM10, PM2.5, agus an líon cáithníní; tástáil teicneolaíochtaí nua amhail coscáin atá feistithe le scagairí éighníomhacha nó gníomhacha laghdaithe astaíochtaí agus ríomh astaíochtaí coscáin don fheithicil ina hiomláine. Is iomchuí, dá bhrí sin, an ceanglas i dTábla 4 in Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (AE) 2024/1257 a leasú chun tagairt do

[2] IO L, 2024/1257, 8.5.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1257/oj

[3] ECE/TRANS/WP.29/2025/84, https://unece.org/sites/default/files/2025-06/ECE-TRANS-WP.29-2025-84e.pdf

[4] Rialachán Uimh. 179 ó na Náisiúin Aontaithe - Forálacha aonfhoirmeacha maidir le ceadú feithiclí saothair éadroim i dtaca le hastaíochtaí coscáin a thomhas sa tsaotharlann [2026/1044] (IO L, 2026/1044, 18.5.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2026/1044/oj)

Rialachán Uimh. 179 ó na Náisiúin Aontaithe maidir le hAstaíochtaí Coscáin ó Fheithiclí Saothair Éadroim a Thomhas sa tSaotharlann a chur in ionad na tagartha do Rialachán Teicniúil Domhanda Uimh. 24 ó na Náisiúin Aontaithe.

(3) Ós rud é go gcumhdaítear catagóirí feithiclí saothair éadroim go cuimsitheach le Rialachán Uimh. 179 ó na Náisiúin Aontaithe maidir le hAstaíochtaí Coscáin a Thomhas sa tSaotharlann, ba cheart an Rialachán seo a ailíniú leis chun caighdeáin a chomhchuibhiú go héifeachtach agus chun feidhm a bheith aige maidir le feithiclí de chatagóirí $M_1$ agus $N_1$, chomh maith le feithiclí Euro 7ext, i gcomhréir le hAirteagal 5(2) de Rialachán (AE) 2024/1257.

(4) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (AE) 2024/1257 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (AE) 2024/1257 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 9.6.2026

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
*Ursula VON DER LEYEN*